AN COISTE COMHAIRLEACH UM POLASAÍ OIDEACHAS GAELTACHTA

Túr an Chloig, Sráid Maoilbhríde

19 Márta 2019

AN M. OID. SAN OIDEACHAS LÁN-GHAEILGE AGUS GAELTACHTA:

TUAIRISC CHUN DÁTA

1) DUL CHUN CINN AN CHLÁIR

Tá na modúil seo a leanas curtha i gcrích ag mic léinn go dáta:

- OID610 Teagasc agus foghlaim i gcomhthéacs scoile lán-Ghaeilge agus Gaeltacht
- OID611 An tumoideachas agus an dátheangachas
- OID612 Barrchleachtas i suíomhanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

2) AISEOLAS NA MAC LÉINN GO DÁTA

Tá Coláiste Mhuire gan Smál tiomanta do na caighdeáin sármhaitheasa is airde a chinntiú ina chuid gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus taighde. San M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, úsáidtear ceistneoirí saincheaptha i ngach modúl ina bhfaightear aiseolas leanúnach ó mhic léinn. Úsáidtear an t-aiseolas mar threoir d'ábhar agus seachadadh na modúl. Úsáidfear torthaí le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhodúil agus iad a chur in oiriúint nuair is gá. Tá plean feabhsúcháin (bunaithe ar aiseolas na mac léinn) curtha le chéile ag an bhfoireann. Sa phlean, tá cur síos tugtha ar an bhfeabhsúchán atá an fhoireann ag iarraidh a bhaint amach agus na gníomhartha a dhéanfar chun na feabhsúcháin aitheanta a chur i gcrích.

3) STAIDÉAR FOLLASACH AR AN TEANGA

Cuireadh aiseolas ceartaitheach ó thaobh na teanga de ar fáil do mhic léinn ar thascanna ó Sheimeastar 1 chun na réimsí is mó deacrachta agus forbartha a aithint agus moltaí chun feabhais a chur ar fáil do mhic léinn. Tá sé mar aidhm go gcuirfidh an t-aiseolas seo le cumas na mac léinn plean forbartha teanga a dhearadh mar chuid de chleachtas machnamhach an chláir. Rinneadh anailísiú ar shonraí na gceistneoirí chun riachtanais na mac léinn a aithint agus chun moltaí maidir le cúrsaí teanga a chur i bhfeidhm sa phlean feabhsúcháin foirne.